



European Economic and Social Committee

EESC info

European Economic and Social Committee

A bridge between Europe and organised civil Society

Mí Iúil 2019 | GA

Available Languages:

bg cs da de el en es et fi fr ga hr hu it lt lv mt nl pl pt ro sk sl sv

Editorial



A léitheoirí dile,

Ag deireadh mhí an Mheithimh, tháinig deireadh le hUachtaránacht na Rómáine ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus, mar is gnách, is ionann seimeastar nua agus Uachtaránacht nua. Den tríú huair i stair na Fionlainne, tá an Uachtaránacht rothlach aici, agus an tráth seo is é 'Eoraip Inbhuanaithe, Todhchaí Inbhuanaithe' an mana atá aici. Táim suite den mhéid seo: oibreoidh an Fhionlainn go dícheallach ionas go gcuirfidh ceannaireacht dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir le gníomhaíocht aeráide beart le briathar ar an talamh.

Mar is eol daoibh, tá an inbhuanaitheacht ar cheann de thosaíochtaí mo théarma oifige, agus sa lá atá inniu ann níl an dara rogha againn i ndáiríre ach dlús a chur leis an inbhuanaitheacht. Dá thapúla is féidir linn an inbhuanaitheacht a bhaint amach is ea is luaithe a rachaidh sin chun tairbhe dár sochaí.

Táim suite de gur cheart gurb é Clár Oibre 2030 a chuirfidh dlús le próiseas cinnteoireachta an Aontais, agus a bheidh mar phointe tagartha do na blianta seo amach romhainn. Mura rachfar i mbun gnímh, beidh iarmhairtí díobhálacha ann do shaoránaigh uile an Aontais, rud nach acmhainn dúinn.

Le go n-éireoidh linn, ní mór dúinn díriú ar iomaíochas ár dtionscal, ní mór dúinn infheistiú sa taighde agus sa nuálaíocht agus, rud is tábhachtaí fós, ní mór dúinn dul i mbun gnímh roimh aon dream eile. Ar a shon sin – ná déanaimis dearmad air – ní bhainimid amach geilleagar agus sochaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de, gan praghas a íoc.

Is ar an ábhar sin a chaithfidh a chinntiú nach bhfágfar aon duine in áit na leathphingine agus go gcuirfidh na gnólachtaí, oibríthe, réigiúin, pobail áitiúla agus saoránaigh uile le chéile agus go mbeidh siad níos láidre le chéile trí chomhaontú sóisialta nua.

Ina fhianaise sin, tig libh a bheith cinnte go n-oibreoidh as lámh a chéile le hUachtaránacht na Fionlainne agus le sochaí shibhialta dhinimiciúil na Fionlainne chun torthaí nithiúla a bhaint amach. Níl aon ghanntanas dúshlán ann ar an leibhéal eacnamaíoch, sóisialta agus polaitiúil, cuir i gcás an pobalachas, Brexit agus, gan amhras, an comhrac in aghaidh an athraithe aeráide.

Mar a mheabhraíonn na gníomhaithe óga a thugann faoi na sráideanna gach Aoine dúinn, ní hacmhainn dúinn tuilleadh ama a chur amú. Is féidir linn difear a dhéanamh fós agus is amhlaidh a bhíonn an Eoraip thar cionn nuair a bhíonn sí ag cur le deiseanna daoine agus ag laghdú na héagothromaíochta sóisialta.

Anois an t-am le dul i mbun gnímh. Anois an t-am le haghaidh Eoraip Inbhuanaithe. Luímis isteach ar an obair.

Luca Jahier,
Uachtarán CESE

Diary Dates

22 Iúil 2019, Aithin na Gréige

Luca Jahier, cainteoir ag Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Gréige

23-24 Iúil 2019, Ríge, an Laitvia

In short

[Chuaigh CESE chun na Spáinne chun tionchar samhlacha eacnamaíocha nua ar mhargadh aonair na hEorpa a mheas](#)



Bhuail toscaireacht ó CESE le hionadaithe ó cheardchumainn, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ón rialtas áitiúil i Malaga na Spáinne le déanaí, mar chuid de staidéar ar shamhlacha eacnamaíocha nua arb é is aidhm dóibh an tionchar fadtéarmach a bheadh acu ar shamhlacha eacnamaíocha an Aontais a mheas.

Tháinig toscaireacht ó CESE, ar a raibh **Violeta JELIĆ** (Fostóirí), **Franca SALIS-MADINIER** (Oibrithe) agus **Carlos TRIAS PINTO** (Grúpa "Éagsúlacht Eoraip"), le chéile le roinnt geallsealbhóirí ag an Ionad um Nuálaíocht Shóisialta "La Noria" an 14 Meitheamh.

Thug an cruinniú fóram institiúideach do gheallsealbhóirí chun a dtaithí agus a ndearcadh a roinnt agus chun díriú ar an ngaol idir samhlacha eacnamaíocha nua agus patrúin tomhaltais, an margadh saothair agus an inbhuanaitheacht.

Ba é seo an chéad cheann de sheacht misean go dtí Ballstáit de chuid an Aontais arna reáchtáil ag an bhFaireachlann um an Margadh Aonair, a bhfuil an staidéar seo á sheoladh aici. Is éard is aidhm do na misin seo dul i mbun idirphlé leis na geallsealbhóirí náisiúnta ó na hearnálacha príobháideacha agus poiblí ábhartha.

Eiseofar tuarascáil go luath in 2020 ina ndéanfar moltaí praiticiúla a bheidh dírithe ar institiúidí an Aontais, go háirithe an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa, maidir leis an gcaoi chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar samhlacha eacnamaíocha ar Mhargadh Aonair an Aontais d'fhonn féachaint chuige go seasfadh sé an aimsir. (jpf)

[Iarchathaoirleach Ghrúpa na nOibrithe in CESE, Gabriele Bischoff, tofa mar Fheisire i bParlaimint na hEorpa](#)



Tá Gabriele Bischoff, a bhí ina cathaoirleach go dtí le deireanas ar Ghrúpa na nOibrithe i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, tofa ina Feisire Eorpach i nGrúpa S&D. Sheas sí sa toghchán le páirtí SPD i dtoghcheantar Bheirlín na Gearmáine.

Bhí Gabriele Bischoff, a ndearnadh comhalta de CESE di in 2009 nuair a bhí sí ina comhalta d'Fheidhmeannacht Fheidearálach Chónaidhm na gCeardchumann sa Ghearmáin (DGB), ina cathaoirleach ar Ghrúpa na nOibrithe ó 2015 go 2019. (dm)

[Ghlac Dilyana Slavova páirt i gcruinniú ardleibhéil maidir le tacaíocht ón Aontas Eorpach don Túinéis](#)



Ghlac Dilyana Slavova, cathaoirleach na Rannóige um Chaidreamh Seachtrach in CESE, páirt in imeacht idirnáisiúnta a d'óstáil CESE an 3 Iúil dar téama "An geilleagar sóisialta agus dlúthpháirtíochta sa Túinéis: ról agus tacaíocht an Aontais". Bhí cainteoirí ardleibhéil eile rannpháirteach ann freisin, ina measc Samir Taieb, Aire Talmhaíochta na Túinése, agus Michael Koehler, Stiúrthóir Chomharsanacht an Deiscirt ag an gCoimisiún Eorpach.

Ina hóráid, mhínigh Dilyana Slavova go raibh an Túinéis ina "*príomh-chomhpháirtí do CESE sa réigiún EuroMed*" le fada an lá agus dúirt sí freisin "*go raibh údarás na Túinése agus an tAontas Eorpach ag seinm ar an gcorda céanna ó thaobh rannpháirtíochta na sochaí sibhialta de maidir le ceisteanna amhail talmhaíocht, infheistíocht, trádáil agus cumhachtú na mban.*"

Maidir le ceann de na príomhcheisteanna leanúnacha, na hath-idirbheartaíochtaí i leith chomhaontú Iar-Cotonou, dhearbhaigh Dilyana Slavova gur mhaith le sochaí sibhialta an Aontais, a ndéanann CESE ionadaíocht uirthi, agus comhpháirtithe na Túinése araon go mbeadh "*áit uaillmhianach*" ag an tsochaí sibhialta sna hidirbheartaíochtaí. (dgf)

Tá CESE ag iarraidh aistriú fuinnimh atá cothrom go sóisialta agus comhphlé buan leis na saoránaigh



Ag an suí iomlánach a bhí ag CESE i mí an Mheithimh rinneadh plé in éindí leis an gCoimisinéir Maroš Šefčovič ar thodhchaí Aontas Fuinnimh na hEorpa agus leag an Coiste amach a sheasamh i leith na straitéise atá beartaithe ag an Aontas Eorpach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go fadtéarmach.

Bhí comhaltaí CESE ar aon fhocal faoi gur cheart an t-aistriú go dtí Eoraip gan charbón a dhéanamh ar shlí atá cothrom go sóisialta agus éifeachtach, go roinneadh na páirtithe leasmhara na cúraimí eatarthu agus go n-oibreodís as lámha a chéile, agus leag siad béim ar an ngá a bhí le beart a dhéanamh a mhairfeadh tar éis 2030. "Tá tuiscint ann ar fud na hEorpa go bhfuil géarghá le gníomhú ar son na haeráide", arsa an Coimisinéir Šefčovič, agus dúirt sé freisin go raibh an aeráid ar cheann de na hábhair toghcháin is tábhachtaí anois san

Aontas agus go bhfeicimid, faoi dheireadh, san Eoraip an deis atá san athrú aeráide ár ngeilleagar a atheagrú agus a dhíriú i dtreo eile."

Bhí an tUachtarán Jahier ar aon tuairim leis. D'áitigh sé go raibh an sprioc a bheith neodrach ó thaobh díobháil aeráide de faoi 2050 ríthábhachtach do thodhchaí na hEorpa agus bhí amhras air, in ainneoin an dul chun cinn atá déanta sa troid ar son na haeráide, go mbeadh beartais agus acmhainní i bhfeidhm a bheadh uailmhianach go leor chun a dheimhniú go n-éireodh leis an Eoraip an sprioc fhadtéarmach, is é sin neodracht ó thaobh carbóin de, a bhaint amach faoi 2050.

D'fhormhuinigh CESE an straitéis atá beartaithe chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go fadtéarmach agus chun geilleagar atá neodrach ó thaobh díobháil aeráide de a dhéanamh den Aontas Eorpaigh faoi 2050. I [dtuairim](#) a d'ullmhaigh Pierre Jean Coulon agus Stefan Back, d'iarr an Coiste comhphlé buan leis na saoránaigh, agus aistriú atá cothrom go sóisialta, a bheith ann. Áitíodh sa tuairim freisin gur chóir teacht ar chomhaontú nua sóisialta.

"Is féidir a leithéid sin d'aistriú a dhéanamh agus rachaidh sé chun tairbhe don Eoraip, ach ní mór páirt a bheith ag gach duine againn ann - ní mór dúinn uile oibriú as lámha a chéile chun an sprioc choiteann seo a bhaint amach. Ní féidir na saoránaigh a dheighilt uathu siúd a dhéanann na cinntí," arsa Pierre Jean Coulon.

Téann cúrsaí iompair go croí na ceiste: tá réimse an iompair ar cheann de na réimsí ina bhfuil géarghá le dul chun cinn agus inar féidir dul chun cinn a dhéanamh. "Ní mór dúinn réitigh a aimsiú chun lorg CO2 an Aontais a laghdú gan tionchar diúltach a imirt ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí trí chéile," a d'áitigh an tUasal Back. "D'fhéadfaimis córas praghsála carbóin a cheapadh, a ghlacadh agus a chur chun feidhme, córas ina gcuirfí san áireamh éifeachtaí an chórais sin ar ghnólaicte agus ar shaoránaigh agus a mbeadh lánghlacadh acusan leis," a dúirt sé. (mp)

Tá CESE ag moladh do cheannairí an Aontais ról idirnáisiúnta an euro a neartú



I [dtuairim](#) a glacadh le déanaí, d'iarr CESE ar cheannairí an Aontais dlús a chur lena n-iarraichtaí ról idirnáisiúnta an euro a neartú. D'áitigh CESE go gcuideodh euro láidir le folláine shaoránaigh agus ghnólaicte an Aontais, go dtacódh sé le comhluachanna agus go gcuirfí comhleasanna chun cinn dá bharr.

Tá sé ag maíomh freisin go bhfágfadh tuilleadh beart chun feabhas a chur ar an bhfás eacnamaíoch agus ar an athléimneacht eacnamaíoch, agus ar acmhainní coigeartaithe na ngeilleagar sa limistéar euro go mbeadh ról idirnáisiúnta níos láidre ag an euro ar deireadh. Sa tuairim ó CESE leagtar amach moltaí a théann níos faide ná tograí an Choimisiúin Eorpaigh.

Ba cheart feabhsuithe ó thaobh comhtháthú sóisialta, cóineasú eacnamaíoch, an iomaíochais agus na nuálaíochta de a bheith mar bhonn le geilleagar an limistéir euro a dhéanamh níos láidre agus crann taca ceart don airgeadra comhchoiteann a dhéanamh de. Ní mór éagsúlachtaí ó Bhallstát go Ballstát a laghdú, toisc go gcuireann a leithéidí srian ar fheidhmíocht eacnamaíoch an Aontais.

Ina theannta sin, tá CESE ag éileamh cur chuige níos aontaithe maidir le taidhleoireacht idirnáisiúnta agus seasamh níos réamhghníomhaí chun comhleasanna a chur chun cinn. D'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó deiseanna trádála ann dá thoradh sin.

Is ardtosaíocht é do CESE freisin comhlánú an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus an Aontais Baintéireachta. Sa réimse seo, tá an Coiste ag moladh roghanna a fhiosrú maidir le breis sócmhainní leachtacha agus sócmhainní euro níos sábháilte a chruthú. D'fhéadfaidís sin cur in aghaidh na hilroinnte i margadh bannaí flaithiúnais an limistéir euro, rud a dhéanann dochar do mhuintín an mhargaidh as an airgeadra aonair.

[Tuilleadh eolais faoi mholtaí CESE chun feabhas a chur ar úsáid idirnáisiúnta an euro agus faoi na buntáistí uile a thabharfadh sé do shaoránaigh agus gnólaicte an Aontais.](#) (jk)

Tá CESE ag moladh go gcuirfí feabhas ar straitéisí macraireigiúnacha

Tá CESE ag éileamh go ndéanfaí straitéisí macraireigiúnacha a fheabhsú; chuige sin, tá sraith de mholtaí beartais leagtha amach aige i [dtústuairim](#) atá dírithe ar leas iomlán a bhaint as na straitéisí sin .



Cuireadh na moltaí seo i láthair i mí an Mheithimh agus tá siad bunaithe ar anailís dhomhain ar na straitéisí macraireigiúnacha atá ann cheana féin. Léiríodh san anailís seo gur uirlis úsáideach a bhí iontu go dtí seo don bheartas comhtháthaithe agus don lánpháirtíú agus comhoibriú feabhsaithe. Ar a shon sin, d'ainneoin a raibh de ghealladh fúthu, níor éirigh leis na moltaí éagothromaíochtaí sóisialta agus críochacha a laghdú ná borradh a chur faoin inbhuanaitheacht chomhshaoil, mar a measadh.

Ionas gur fearr a éireoidh leis na straitéisí macraireigiúnacha éagothromaíochtaí a laghdú, tá an Coiste ag moladh go gcuirfí, thar aon ní eile, leis an gcumarsáid agus an nascacht idir comhpháirtithe comhair, agus go ndéanfaí eagraíochtaí sochaí sibhialta a spreagadh chun ról níos lárnaí a bheith acu i dtaca le cur i bhfeidhm na straitéisí sin agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

Dá bhrí sin, ní mór do lucht ceaptha beartas idirghabhálacha beartais a neartú, cur leis an tiomantas gníomhach do straitéisí macraireigiúnacha agus maorlathas a laghdú. Rud eile nach foláir a dhéanamh ná na bunachair sonraí atá ann cheana a chomhtháthú i líonra dea-fheidhmiúil agus iad a idirnascadh agus a bhainistiú.

Tá CESE den tuairim go bhfuil gá le cumarsáid níos fearr maidir le straitéisí macraireigiúnacha chun infheictheacht na straitéisí seo a fheabhsú agus chun an líonrú agus an rannpháirtíocht a chothú.

Ba cheart tosaíocht a thabhairt ón taobh geografach agus ó thaobh earnálacha araon de don líonrú agus do bhraisliú comhpháirtithe sóisialta, do ghníomhaithe socheacnamaíocha áitiúla agus d'eagraíochtaí sochaí sibhialta. Tá a rannpháirtíocht siúd i mbeartais cinnteoireachta, pleanála agus measúnaithe thar a bheith úsáideach chun straitéisí macraireigiúnacha a chur chun feidhme, agus is féidir an comhtháthú agus an inbhuanaitheacht shóisialta agus chomhshaoil a threisiú dá tairbhe freisin.

Ar deireadh, tá CESE ag moladh go ndéanfaí gréasáin éifeachtúla le haghaidh gníomhaíochtaí oideachais a chur ar bun, a d'fhéadfadh cur leis an bhfeidhmíocht i réimse na hinbhuanaitheachta chomhshaoil. (jk)

[Tús \("Grand Départ"\) Tour de France 2019 - imeachtaí á reáchtáil ag CESE faoin iompar glan](#)



Chun tús ("Grand Départ") Tour de France 2019 a cheiliúradh reáchtáil CESE cur i láthair an 3 Iúil faoi leabhar ar Gino Bartali, duine de churaidh rothaíochta na hIodáile agus laoch le linn an Dara Cogadh Domhanda, i gcomhar leis an iriseoir Alberto Toscano, arb é údar an leabhair é. Ina theannta sin, eagraíodh plé faoin iompar glan mar chuid den ócáid.

I dtaca le Gino Bartoli, duine de churaidh rothaíochta na hIodáile agus fear a bhuaigh an Giro d'Italia trí huair agus an Tour de France faoi dhó, is éard a deireadh sé i gcónaí: "Ní foláir duit an mhaith a dhéanamh ach bí cinnte é a choinneáil ina rún". Déantar cur síos ar a scéal féin sa leabhar "Gino Bartali: una bici contro il fascismo" a scríobh Alberto Toscano agus a foilsíodh faoin teideal Béarla *A bike against Nazi barbarism, the incredible destiny of the champion Gino Bartali*. Cuireadh an leabhar i láthair in CESE an 3 Iúil 2019.

Chuir Gino Bartali i gcoinne réimeas Mussolini agus d'éirigh leis na céadta Giúdach san Iodáil a shábháil ar an mbás le linn bhlianta an Uileloiscithe. Gníomhaigh sé mar chúiréir agus doiciméid rúnda á n-iompar aige ar a rothar i ngan fhios ar feadh na mílte ciliméadar. Ligeadh sé air gur babhtáí fada traenála a bhí ar siúl aige le linn na dturas seo, toisc go raibh teist air babhtáí fada traenála mar sin a dhéanamh. Laoch discrídeach a bhí ann nár labhair riamh ar a ndearna sé le linn an chogaidh, fiú amháin nuair a bhí an Dara Cogadh Domhanda thart.

Ina theannta sin, d'eagraigh CESE díospóireacht faoin iompar glan mar chuid den ócáid agus bhí na daoine seo a leanas, i measc cainteoirí eile, páirteach inti: Luca Jahier, Uachtarán CESE, Pierre Jean Coulon, cathaoirleach ar Rannóg TEN in CESE agus Philippe Close, méara bhadas na Bruiséile. Is é an aidhm a bhí leis an ócáid urraim a thabhairt don spórt agus do mhodhanna iompair nach bhfuil díobhálach don chomhshaol, agus anuas air sin urraim a thabhairt do luachanna daonna. (mp)

Ba cheart do na meáin cúl a thabhairt leis an gcarthanacht agus iad ag trácht ar an míchumas



Is minic gur cur síos teoranta trua cánta a dhéanann na meáin san Eoraip ar dhaoine atá faoi mhíchumas, cur síos nach mbíonn bunús dá laghad leis ach míthuiscintí. Lena chois sin, níl an tairiscint de chláir nuachta agus shiamsaíochta atá ar fáil sásúil chun na critéir maidir le lánrochtaineacht a chomhlíonadh, agus fágann sin go bhfuil neart le déanamh go fóill ag na meáin Eorpacha sula mbeidh siad in ann tuairisciú cruinn cuimsitheach a dhéanamh ar an míchumas.

Ba é an ról lárnach atá ag na meáin chun feasacht a ardú ar chearta daoine faoi mhíchumas agus chun an stiogma agus an chlaontacht i gcoinne na ndaoine sin, rud atá go smior go fóill i sochaí na hEorpa, a throid, téama don chomhdháil dar teideal Eolas a Sholáthar ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a d'eagraigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) sa Bhrúiséal an 28 Meitheamh.

"Ba cheart an t-eolas a sholáthraítear ar na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas a bheith ina chuid thábhachtach de cheist níos leithne, is é sin an chaoi a gcuirimid éagsúlacht ár sochaí ina hiomláine in iúl. Is é sin croílár ár gcuid luachanna daonlathacha. Beidh sé ar cheann de na ceisteanna is tábhachtaí sna blianta atá le teacht," arsa Ioannis Vardakastanis, comhalta de chuid CESE, agus é ag cur tús leis an ócáid.

Thug an chomhdháil le chéile comhaltaí de chuid CESE agus ionadaithe as eagraíochtaí éagsúla neamhrialtais a chuireann tacaíocht ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. Bhí ionadaithe i láthair freisin as Aontas Craolacháin na hEorpa (*European Broadcasting Union*) agus as an Institiúid um Éagsúlacht na Meán (), eagraíocht a dhéanann maoirseacht ar na meáin agus a spreagann tuairisciú freagrach ar an éagsúlacht. (II)

Ba cheart seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil do gach duine



Ar cheann de na hábhair a pléadh i seisiún iomlánach mhí an Mheithimh bhí an gá le Colún Eorpach na gCearta Sóisialta a chur chun feidhme ar shlí níos fearr agus seirbhísí fíor-riachtanacha a chur chun cinn. Ghlac na comhaltaí [tuairim féintionscnaimh](#) a d'ullmhaigh Raymond Hencks agus Krzysztof Balon ar an ábhar seo.

Tá CESE go mór den tuairim nach mór do gach duine a bheith i dteideal seirbhísí fíor-riachtanacha amhail uisce, fuinneamh agus iompar, agus gur den tábhacht na seirbhísí sin don cheartas sóisialta.

Thug an rapóirtéir Raymond Hencks le fios nach leor mar a dhéantar roinnt de na seirbhísí sin a rialáil ná a chur chun feidhme sna Ballstáit. "Táimid ag iarraidh na seirbhísí fíor-riachtanacha a chur ar fáil do gach duine", a dúirt sé, ach, ina theannta sin, mhínigh sé nach leor sin. "Beidh gá an coincheap "seirbhísí fíor-riachtanacha" a shoiléiriú freisin agus bearta nithiúla a dhéanamh chun an cliseadh atá á dhéanamh a throid agus dea-fheidhmiú na seirbhísí sin a ráthú, de réir riachtanais na n-úsáideoirí."

Tá CESE an-sásta, dá bhrí sin, go n-athdhearbhaítear an ceart ar sheirbhísí fíor-riachtanacha le prionsabal 20 den Cholún Sóisialta. Bhí an comhrapóirtéir, Krzysztof Balon, den tuairim chéanna: "Is cuid rithábhachtach den cheartas sóisialta iad na seirbhísí fíor-riachtanacha sin agus is é an bunús atá leo prionsabal na córa comhionainne d'úsáideoirí, rud a chuireann cosc ar aon chineál idirdhealaithe nó eisaimh, agus an prionsabal um rochtain uilíoch ar sheirbhísí a bhfuil leibhéal ard inacmhainneachta agus cáilíochta ag baint leo". (mp)

Áitíodh ar cheannairí an Aontais Eorpaigh ceannródaí domhanda san fhorbairt inbhuanaithe a dhéanamh den Eoraip

Chuir na Comhairlí Eacnamaíoch agus Sóisialta náisiúnta agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa teachtaireacht ón Róimh chuig ceannairí an Aontais Eorpaigh; tháinig na comhairlí le chéile sa Róimh an 13-14 Meitheamh chun an ról atá acu i bhforbairt inbhuanaithe na hEorpa agus i gColún Eorpach na gCearta Sóisialta a phlé.

Ba iad CESE agus Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na hIodáile ([CNEL](#)) a d'eagraigh an plé mar chuid de Chruinniú Bliantúil Uachtaráin agus Ardrúnaithe CESE agus Chomhairlí Eacnamaíoch agus Sóisialta Bhallstáit an



Aontais Eorpaigh.

I measc na bpríomhchainteoirí a labhair le linn an tseisiúin oscailte, ar ar fhreastail Uachtarán na hIodáile, Sergio Mattarella, bhí Aire Gnóthaí Eachtracha na hIodáile, Enzo Moavero Milanese agus Uachtarán CNEL, Tiziano Treu.

D'iarr Uachtarán CESE, Luca Jahier, ar Pharlaimint nua na hEorpa agus ar an gCoimisiún nua ceannaireacht pholaitiúil láidir cheannasach a thabhairt le go bhféadfaí ceannródaí domhanda san fhorbairt inbhuanaithe a dhéanamh den Eoraip.

Seo a leanas príomhchonclúidí an phlé a rinneadh agus a cuireadh chuig príomhinstitiúidí an Aontais Eorpaigh:

- Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe a bheith ina thosaíocht uileghabhálach ag an Aontas Eorpach go ceann deich mbliana d'fhonn aghaidh a thabhairt ar chúig athrú bhunúsacha:
 - claochlú an gheilleagair;
 - claochlú fuinnimh agus éiceolaíoch;
 - claochlú mór sóisialta;
 - claochlú daonlathach agus rannpháirtíochta agus
 - athrú geopholaitiúil sa chaidreamh idirnáisiúnta.
- Rachaidh Clár Oibre 2030 chun tairbhe:
 - d'fhostóirí, mar gur ar an leibhéal domhanda sna hearnálacha a bhfuil nasc acu leis an gClár Oibre don Fhorbairt Inbhuanaithe a bheidh láthair chatha an iomaíochais;
 - d'oibrithe, ós rud é go bhfuil roinnt spriocanna forbartha inbhuanaithe nasctha le gné shóisialta na hEorpa;
 - don tsochaí shibhialta, ós rud é, má bhíonn sí lánpháirteach i rialachas an chláir oibre, go bhféadfadh barrthábhacht a bheith léi d'fhonn faireachán cuí a dhéanamh ar chur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe.
- Is gá plean oibre a tharraingt suas chun dlús a chur le cur chun feidhme [Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta](#) a bhfuil codanna móra de nach ndeachthas i ngleic leo go fóill.
- Ba chóir próiseas an tSeimeastair Eorpaigh a chur in oiriúint do Chlár Oibre 2030.
- Ba chóir 40% de bhuiséad iomlán an Aontais don tréimhse 2021-2027 a chur in áirithe don fhorbairt inbhuanaithe.
- Ba chóir leasuachtarán a mbeadh sé de chúram air na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chuimsiú i mbeartais uile an Aontais Eorpaigh a bheith sa Choimisiún nua.
- Is tionscadal dóchais agus dochloíteachta é seo a bhfuil sé d'acmhainn ann an aontacht agus an dlúthpháirtíocht a neartú san Aontas Eorpach, maille leis an tsochaí shibhialta, agus go háirithe daoine óga, a spreagadh.
- D'fhéadfadh Comhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta gníomhú mar chomhairlí rannpháirtíochta sibhialta a bhféadfaí an cúram a chur orthu comhairliúcháin phoiblí a eagrú maidir le samhlacha nua don fhorbairt inbhuanaithe.
- Toisc gurb é an tAontas Eorpach an geilleagar is mó ar domhan, ní mór dó ról lárnach a bheith aige, trína bheartas trádála, i gcur chun cinn an chláir oibre don fhorbairt inbhuanaithe ar an leibhéal domhanda.

Tá conclúidí an chruinnithe ina n-iomláine le fáil [anseo](#). (dm)

[Ba cheart don Aontas Eorpach freagairt níos cuimsithí a thabhairt ar shárúithe ar an smacht reachta.](#)



fhorlámhacha.

Tá iarrtha ag an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta ar an Aontas Eorpach cur chuige níos réamhghníomhaí a ghlacadh chun dul i ngleic leis an méadú ar shárúithe ar an smacht reachta ar fud an Aontais, toisc inní a bheith ann go bhféadfadh sé iompú ina ghéarchéim iomlán maidir leis an daonlathas agus cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha.

I dtuairim a ghlac CESE ag a sheisiún iomlánach i mí an Mheithimh, d'iarr sé go mbeadh rannpháirteachas níos éifeachtaí agus níos díri ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta i gceapadh agus cur chun feidhme coimircí in aghaidh dhíchur an smachta reachta san Aontas Eorpach. Bíonn roinnt mhaith de na heagraíochtaí seo i mbun ardú feasachta agus gníomhaíonn siad mar fhorais faire nó mar thacadóirí, agus is minic gurb iad is tuisce a fhulaingíonn faoi rialtais

Chuir CESE i bhfáth go bhfuil ról ar leith aige agus dualgas air gníomhú nuair atá a chomhaltaí féin agus an tsochaí shibhialta i gcoitinne i mbaol laistigh den Aontas agus d'iarr sé go mbeadh cosaint níos fearr ann d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus do príomhlucht faire poiblí eile, ar nós iriseoirí, sceithirí agus cosantóirí chearta an duine, chomh maith.

Is éard atá sa [tuairim](#) ionchur CESE sa phróiseas machnaimh maidir leis an smacht reachta laistigh den Aontas a neartú tuilleadh, próiseas a mhol an Coimisiún Eorpach i dteachtairacht uaidh le deireanas inar iarr sé ar na geallsealbhóirí uile páirt a ghlacadh sa díospóireacht.

Dúirt CESE gur mhór aige iarrachtaí an Choimisiúin úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil chun an smacht reachta a neartú sna Ballstáit, cé gur thug sé dá aire na heasnamh atá orthu ó thaobh ionsaithe comhbheartaithe ar chearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha a chosc nó a chur ina gceart.

CESE le tacú le gníomhú ar son na haeráide faoi Uachtaránacht na Fionlainne



Is é príomhchuspóir [Uachtaránacht na Fionlainne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh](#), a thosaigh an 1 Iúil, ná féachaint go mbeidh an tAontas tiomanta do laghdú astaíochtaí aeráide a bhaint amach. Tabharfaidh an Coiste tacaíocht do ghníomhaíocht aeráide na huachtaránachta agus leanfaidh sé ar aghaidh lena chuid oibre féin chun creat cumasúcháin de chuid an Aontais Eorpaigh a chruthú do thionscnaimh faoi stiúir an tsaoránaigh agus faoi stiúir an phobail.

Is iad na tosaíochtaí eile atá ag Uachtaránacht na Fionlainne ná luachanna coiteanna agus an smacht reachta a neartú, an tAontas a dhéanamh níos iomaíche agus níos cuimsithí, seasamh an Aontais Eorpaigh mar cheannaire domhanda ar ghníomhú ar son na haeráide a neartú agus slándáil na saoránach a chosaint go hiomlán.

Le linn a téarma, beidh dúshlán mhóra roimh an bhFionlainn, lena n-áirítear maoirsiú ar phríoséas Brexit agus caibidlíocht idir na Ballstáit maidir leis an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh (CAI). Ar bhonn a chuid moltaí beartais maidir le CAI tar éis 2020, agus go háirithe na tograí reachtacha eárnála maidir le cláir chaiteachais, déanfaidh CESE a dhícheall tionchar a imirt ar chaibidlíocht a mhéid is féidir é sin a dhéanamh go tráthúil.

I gcomhréir leis an mana don Eoraip Inbhuanaithe — Todhchaí Inbhuanaithe, díreoidh an Fhionlainn ar chultúr cruinnithe éiceolaíoch a chur chun cinn trí go leor dá cruinnithe a reáchtáil i Heilsincí, áit a bheidh sé chruinniú neamhfhoirmiúla d'airí ar siúl, agus uisce buaire i gcaraif agus bia orgánach a tháirgtear go háitiúil a bheith curtha ar fáil.

Beidh roinnt cruinnithe CESE i dtír Uachtaránacht an Aontais Eorpaigh chomh maith. Tháinig [Biúró Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa le chéile cheana féin in Heilsincí an 6 Meitheamh](#) agus tá sé beartaithe ag na trí Ghrúpa sin cruinnithe a thionól san Fhionlainn sna míonna atá romhainn (Fostóirí: 8-9 Deireadh Fómhair, Oibríthe: 9 Deireadh Fómhair, [Éagsúlacht Foraip](#): 16-17 Meán Fómhair). Is é seo an tríú huair go raibh an uachtaránacht rothlach ag an bhFionlainn ó tháinig sí isteach san Aontas in 1995. Ba iad 1999 agus 2006 a téarmaí roimhe seo. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi ghníomhaíochtaí CESE le linn Uachtaránacht na Fionlainne, féach an bróisiúr tiomnaithe ag: <https://bit.ly/2XHm6xb>.

News from the Groups

[É léirithe i staidéar a rinneadh le déanaí go gcuirtear borradh faoi infheistíochtaí nuair a laghdaítear cánacha corparáide](#)



le Grúpa na bhFostóirí in CESE

Tá cánacha corparáide ar an gcineál cánachais is díobhálaí don fhás eacnamaíoch. Murab ionann agus dearcadh an phobail ina leith, níor tháinig aon laghdú le daichead bliain anuas ar an ioncam a fhaightear ó chánacha corparáide a fhad a bhaineann leis an Olltáirgeacht Intíre. I gcás tíortha a laghdaigh a gcuid rátaí éifeachtacha cánach corparáide, tháinig méadú dá réir ar an leibhéal infheistíochta iontu sna blianta ina dhiaidh sin. Sin cuid de chonclúidí staidéir a choimisiúnaigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa le déanaí ar iarratas ó Ghrúpa na bhFostóirí.

D'fhéadfadh ráta ard cánach corparáide bac a chur ar ghníomhaíochtaí gnó trí thionscadail infheistíochta áirithe a chur ó rath agus, dá thoradh sin, tríd an mbonn cánach agus an bailiú ioncaim a íslíú. Ar an meán, is gnách go dtiocfaidh laghdú 3.7% ar infheistíochtaí díreacha coigríche má dhéantar an ráta cánach ar na hinfeistíochtaí sin a ardú pointe céatadán amháin.

Is léir freisin ar an anailís atá déanta nach gá go mbeadh easnamh shuntasacha san airgeadas poiblí de dheasca laghdúithe cánach corparáide; go deimhin féin is féidir gur beart féinmhaoinitheach a bheadh ann a bheag nó a mhór. I gcás sé thír, is amhlaidh a tháinig méadú ar a gcuid ioncaim nuair a rinneadh laghdúithe ar a rátaí cánach corparáide. Is mó an fás a bhíonn ann de thairbhe cánacha corparáide níos ísle: cuir i gcás, is féidir an ráta fáis cánach a ardú idir 1 agus 2 phointe céatadán tríd an ráta cánach a laghdú 10 bpointe céatadán.

"Is éard is aidhm don staidéar seo feidhmiú mar phointe tagartha úsáideach iontaoifa a chothóidh plé faoi chúrsaí cánachais. Tá tábhacht ar leith leis sin i bhfianaise staid reatha an Aontais Eorpaigh, mar a bhfuil tuiscint an phobail ar an gcaoi a ngearttar cáin ar chuideachtaí (go háirithe cuideachtaí ilnáisiúnta ollmhóra) á claonadh ag poblóirí chun gur féidir leo teacht i dtír ar an tuiscint fhalsa sin", a dúirt Krister Andersson, leas-chathaoirleach Ghrúpa na bhFostóirí. Cuireann an staidéar sonraí agus cásanna nithiúla ar fáil d'fhonn an insint chlaonta sin a bhréagnú.

Cé go bhfuil titim shuntasach tagtha ar na rátaí cánach le daichead bliain anuas, tá leibhéal an ioncaim a fhaightear ó cháin chorparáide mar chion den Olltáirgeacht Intíre fós a bheag nó a mhór ar an leibhéal céanna a bhí ann sna 1980í. Den chuid is mó, isteach agus amach le 2-3% den Olltáirgeacht Intíre a bhíonn i gceist leis an ioncam cánach corparáide, agus is mó ná 30% an t-ioncam cánach a fhaightear ó phá, ó chánacha CBL agus ó phárolla i dteannta a chéile.

Is féidir an staidéar seo a íoslódáil ar shuíomh gréasáin an Choiste ag an nasc seo a leanas: [https://europa.eu/!NB43bP\(lj\)](https://europa.eu/!NB43bP(lj))

[Rinne Grúpa na nOibrithe in CESE plé sa Rómáin faoin bhfostaíocht, faoin gcóineasú agus faoi chearta sóisialta](#)



le Grúpa na nOibrithe in CESE

Thionóil Grúpa na nOibrithe cruinniú urghnách i mBúcairist na Rómáine an 25 Meitheamh a bhí dírithe ar chearta saothair agus ar chóineasú sóisialta, nó i bhfocail eile ar Eoraip na luachanna coiteanna. Rinne Oliver Röpke, cathaoirleach Ghrúpa na nOibrithe, comhghairdeas le hUachtaránacht na Rómáine faoi éachtaí áirithe a rinneadh faoina coimirce a bhí fíorthábhachtach i dtaca le feabhas a chur ar shaol oibrithe, mar shampla bunú an Údaráis Eorpaigh Saothair agus na treoracha maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus dálaí oibre intuairthe.

Bhí an plé dírithe ar na príomhdhúshláin a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair, fostaíocht agus cóineasú na gcearta sóisialta san Aontas Eorpach. Leag Marius-Constantin Budăi, Aire Saothair agus Ceartais Shóisialta na Rómáine, béim ar an ngá a bhí le cóineasú eacnamaíoch agus go mór mór ar an ngá a bhí ann an bhearna phá idir tíortha in iarthar agus in oirthear na hEorpa a laghdú.

Thagair roinnt cainteoirí do Cholún Eorpach na gCearta Sóisialta as a leanfadh cóineasú aníos, b'fhéidir, dá gcuirfí i bhfeidhm i gceart é. Leag ceannairí na gcúig Chónaidhm Ceardchumann sa Rómáin béim ar na dúshláin fostaíochta agus shóisialta sa tír, go háirithe na leibhéil arda bochtaineachta, an pá íseal, fadhbanna a bhaineann le cómhargáil agus le hidirphlé sóisialta, agus na leibhéil arda eisimirce.

D'ainneoin go gcuideann soghluaisteacht an lucht saothair leis an bhfás eacnamaíoch agus le bearnaí scileanna san Aontas Eorpach a líonadh, dúirt an cúigear ceannairí go ndéanann sí, ar a shon sin, díobháil an-mhór do na tíortha dúchais, mar a tharla sa Rómáin, áit a ndeachaigh trí mhilliún duine ar eisimirce agus iad sa tóir ar shaol níos fearr thar lear. (mg)

Tuilleadh eolais [anseo](#)

[Ghlac Arno Metzler, cathaoirleach an Ghrúpa "Éagsúlacht Eoraip", páirt i gComhthionól Ginearálta Aontas Náisiúnta na Fraince um Chomhlachais Teaghlaigh \(UNAF\)](#)



leis an nGrúpa "Éagsúlacht Eoraip" in CESE

An 22 agus 23 Meitheamh, réachtáil Aontas Náisiúnta na Fraince um Chomhlachais Teaghlaigh (UNAF) a Chomhthionól Ginearálta i gcathair Reims. Thug Christiane Basset Uasal, leas-chathaoirleach UNAF agus comhalta de Ghrúpa III, cuireadh don Uasal Metzler a bheith i láthair ag an ócáid. Ba é an príomhthéama a pléadh ná an daonlathas rannpháirteach agus ról na gcomhlachtaí idirmheánacha.

Labhair Arno Metzler thar ceann an Ghrúpa "Éagsúlacht Eoraip" leis an gComhthionól faoin gcaoi a n-éisteann an Eoraip leis an tsochaí shibhialta eagraithe. Ina óráid faoin mbeartas teaghlaigh, d'fhógair sé go réachtálfadh an grúpa "Éagsúlacht Eoraip" comhdháil maidir le hEiseamláirí Nua do Shochaithe san Eoraip an 12 Samhain 2019.

"Ní fheadar cén fáth nach bhfuil cur chuige bunaithe ar bheartas teaghlaigh againn ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Ní mór an bhearna seo a dhúnadh, toisc gur eilimintí tábhachtacha d'oidhreacht chultúrtha na hEorpa atá sa teaghlach: is é an ceangal a choimeádann an tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta le chéile", arsa an tUasal Metzler. Dúirt sé freisin go molfadh sé do Ghrúpa III "gníomhú as a stuaim féin ar an leibhéal Eorpach chun gach duine atá rannpháirteach a thabhairt i gceann a chéile, rud a d'fhágfadh go bhféadfadh teaghlaigh teacht slán san Eoraip agus cosaint a fháil".

Chuir an 600 rannpháirtí fáilte ó chroí roimh an gcoincheap Parlaimint Eorpach na dTeaghlach a bhunú - ag leanúint shampla Pharlaimint Eorpach na Tuaithe a bhunaigh Staffan Nilsson. Gheall Uachtarán Aontas Náisiúnta na Fraince um Chomhlachais Teaghlaigh go ndéanfadh UNAF Parlaimint Eorpach na dTeaghlach a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt di mar aon le líonraí Eorpacha eile um theaghlaigh a spreagadh chun déanamh amhlaidh. (jh)

Tá oíche chultúrtha faoi leith á reáchtáil ag CESE chun cultúr na Fionlainne a chur ar taispeáint



Tá oíche chultúrtha don Fhionlainn á reáchtáil ag CESE ar an 17 Iúil chun tús Uachtaránacht na Fionlainne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh a cheiliúradh. Ag an ócáid beidh ceol agus damhsaí ar siúl le léiriú a thabhairt ar chultúr agus traidisiúin na Fionlainne

Déanfaidh an damhsóir Meri Pajunpää rince ar an láthair ag baint úsáid as teicníc na tobchumadóireachta struchtúrtha agus tionlacan ar an mbosca ceoil digiteach á thabhairt ag Netta Skog. (ck)

Tá tuilleadh eolais le fáil ach féachaint ar:

Chun clárú ina chomhair cliceáil anseo.

Má tá clár iomlán na hoíche chultúrtha uait, cliceáil anseo

Editors:

Ewa Haczyk-Plumley (editor-in-chief)
Daniela Marangoni (dm)

Contributors to this issue:

Chrysanthi Kokkini (ck)
Daniela Marangoni (dm)
David Gippini Fournier (dgf)
Ewa Haczyk-Plumley (ehp)
Isabelle Henin (ih)
Jasmin Kloetzing (jk)
Jean Pierre Faure (jpf)
Laura Lui (ll)
Leszek Jarosz (lj)
Margarida Gavanas (mg)
Silvia M. Aumair (sma)

Coordination:

Agata Berdys (ab)
Katerina Serifi (ks)

Address:

European Economic and Social Committee
Jacques Delors Building,
99 Rue Belliard,
B-1040 Brussels, Belgium
Tel. (+32 2) 546.94.76
Email: eescinfo@eesc.europa.eu

EESC info is published nine times a year during EESC plenary sessions. EESC info is available in 23 languages
EESC info is not an official record of the EESC's proceedings; for this, please refer to the Official Journal of the European Union or to the Committee's other publications.
Reproduction permitted if EESC info is mentioned as the source and a link is sent to the editor.

Mí Iúil 2019/7

08-2019